2024/2392

11.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2392 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis glacadh le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne [2] ('an Rialachán bunaidh'), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 16 Feabhra 2022, trí bhíthin an Rialachán bunaidh, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach ('an táirge lena mbaineann') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') isteach san Aontas.

(2) San imscrúdú arb é an Rialachán bunaidh ('an t-imscrúdú bunaidh') ba thoradh air, úsáideadh sampláil chun na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(3) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ón tSín, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 22,1 % agus 48,8 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann. Forchuireadh dleachtráta 39,6 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Liostaítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 86,5 % ar bhonn náisiúnta ar an táirge lena mbaineann arna tháirgeadh ag cuideachtaí sa tSín nár chuir iad féin in iúl ná nár chomhoibrigh leis an imscrúdú bunaidh.

(4) De bhun Airteagal 2 den Rialachán bunaidh, is féidir Airteagal 1(2) den Rialachán sin a leasú tríd an dleachtráta a is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua, is é sin an dleachtráta 39,6 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin sa tSín don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020) (an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh) ('an chéad choinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua');

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh ('an dara coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua');

(c) an táirge lena mbaineann, is táirge é atá onnmhairithe aige chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach de a onnmhairiú chuig an Aontas ('an tríú coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua').

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
[2] IO L 36, 17.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj.

2. IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA

(5) An 25 Meán Fómhair 2023, chuir an chuideachta Suzhou DTFLOCK Precision Fastener Co., Ltd. ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó sa tslí go mbeadh sé faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, agus é ag maíomh gur chomhlíon sé gach ceann de na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh ('coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua').

(6) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha chun go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua dó a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh ('coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua'), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise a léireodh gur chomhlíon sé na coinníollacha sin. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt. Chuir tionscal an Aontais, a ndéanann Institiúid Cheanglóirí Tionsclaíocha na hEorpa ionadaíocht thar a cheann, barúlacha isteach i leith comhlíontacht an iarratasóra leis na coinníollacha maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua.

(7) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra a thug an t-iarratasóir ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid. Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfianaise bhreise, cheadaigh an Coimisiún an bunachar sonraí ar líne Orbis ([3]) in éineacht le bunachair sonraí de chuid na Síne amhail Quichacha ([4]) agus Aliyun ([5]) le haghaidh faisnéis chuideachta, agus rinne sé an fhaisnéis uile a chros-sheiceáil le faisnéis a bhí ar fáil go poiblí ar an idirlíon.

(8) Ar deireadh, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar an iarratasóir an 23 agus an 24 Aibreán 2024. D'fhéach an Coimisiún leis an fhaisnéis uile a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le stádas an táirgeora nua onnmhairiúcháin.

3. ANAILÍS AR AN IARRAIDH

(9) I ndáil leis an gcéad choinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Chinn an Coimisiún gur bunaíodh an t-iarratasóir in 2015, go bhfuair sé ceadúnas onnmhairiúcháin sa bhliain chéanna agus gur thosaigh sé ag onnmhairiú an táirge lena mbaineann chuig an Aontas in 2021.

(10) Rinne an Coimisiún na hidirbhearta onnmhairiúcháin uile a fhíorú le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh agus níor aimsigh sé aon fhianaise i leith onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas faoi 2021. Go sonrach, níor léirigh mórleabhar díolacháin an iarratasóra aon taifead ar idirbhearta onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, agus bhí mórleabhair an iarratasóra le linn na tréimhse sin i gcomhréir le ráitis airgeadais na cuideachta.

(11) I ndáil leis an dara coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh.

(12) I ndáil leis an tríú coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua, shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas ó bhí mí an Mhárta 2021 ann, is é sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

(13) Sholáthair an t-iarratasóir doiciméid thacaíochta a léirigh lastais cainníochtaí móra den táirge lena mbaineann chuig an Aontas ó mhí Feabhra 2021 ar aghaidh. D'fhíoraigh an Coimisiún na doiciméid sin de réir ráitis airgeadais an iarratasóra le linn na cros-seiceála cianda. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir an tríú coinníoll maidir le stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua.

([3]) Is soláthraí domhanda sonraí é Orbis a sholáthraíonn faisnéis chorparáideach lena gcumhdaítear níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Go príomha, soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha.

([4]) Is bunachar sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht do thomhaltóirí agus gairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus poiblí atá lonnaithe sa tSín.

([5]) Is fochuideachta de chuid Ghrúpa Alibaba é Aliyun (ar a dtugtar Alibaba Cloud freisin). Soláthraíonn sé seirbhísí néalríomhaireachta do ghnólachtaí ar líne agus don éiceachóras ríomhthráchtála atá ag Alibaba féin agus, i measc gnéithe eile, cuireann sé bunachar sonraí ar fáil ina soláthraítear sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa agus faisnéis de chineálacha eile do thomhaltóirí agus gairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus poiblí atá lonnaithe sa tSín.

(14) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiún gur chomhlíon an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 39,6 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh.

(15) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 a leasú dá réir.

4. **NOCHTADH**

(16) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a measadh gur iomchuí an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú don iarratasóir.

(17) Na páirtithe leasmhara go léir, is é sin tionscal an Aontais agus an t-iarratasóir, tugadh deis dóibh barúlacha a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, cuirtear an ró seo a leanas isteach tar éis an ró le haghaidh Suzhou YNK Fastener Co., Ltd.:

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
„Daon-Phoblacht na Síne	Suzhou DTFLOCK Precision Fastener Co., Ltd.	89CE“

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN